Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/2373

21.11.2025

**CINNEADH (CBES) 2025/2373 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 20 Samhain 2025**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/3116 maidir leis an gColáiste Eorpach um Shlándáil agus um Chosaint**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus Airteagal 42(4) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 9 Nollaig 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/3116 ([1]).

(2) I gcomhréir le Cinneadh (CBES) 2024/3116, chuir Ceann an Choláiste Eorpach um Shlándáil agus um Chosaint ('ESDC') meastachán ar ioncam agus ar chaiteachas ESDC don bhliain airgeadais 2026 faoi bhráid a Choiste Stiúrtha.

(3) An 10 Iúil 2025, d'fhormheas an Coiste Stiúrtha meastachán ar ioncam agus ar chaiteachas ESDC don bhliain airgeadais 2026, a tharchuir Ceann ESDC chuig an gCoimisiún Eorpach ina dhiaidh sin.

(4) Ba cheart méid tagartha airgeadais nua a bhunú atá beartaithe chun caiteachas ESDC a chumhdach don tréimhse ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2024/3116 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 16(1) de Chinneadh (CBES) 2024/3116, cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

'Is é EUR 3 309 800,02 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais atá beartaithe chun caiteachas ESDC a chumhdach le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Samhain 2025.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

K. KALLAS

([1]) Cinneadh (CBES) 2024/3116 an 9 Nollaig 2024 ón gComhairle maidir leis an gColáiste Eorpach um Shlándáil agus um Chosaint agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2020/1515 (IO L, 2024/3116, 10.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/3116/oj).